| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – meáchan, meastacháin<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | scálaí, meáchan, gram agus cileagram (g, kg), suimiú, dealú, iolrú, roinnt, cothrom le, méan x agus y, reic, lacáiste, praghas, praghasliosta |
| **Áiseanna** | Uimhirmheá Mol Mata - scálaí, áireamháin, liosta siopadóireachta, bianna agus boinn phlaisteacha, bileog an dalta |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Úsáideann daltaí an tuiscint atá acu ar MHEÁCHAN agus ar AIRGEAD le cuidiú leo a fháil amach cad iad na rudaí atá i mála siopadóireachta a d'fhag duine ina dhiaidh.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina bpéirí nó ina ngrúpaí níos mó, déanann na daltaí taighde ar na meáchain mhéadracha agus ar na costais de tháirgí feola ó ollmhargadh áitiúil nó ó shiopa bhúistéara. Iarr orthu liosta a dhéanamh de na táirgí atá ar díol, chomh maith lena meáchan agus a gcostais. Thig leo an t-eolas seo a léiriú ar thábla simplí.

### 2 Gníomhaíocht 2

Amharcann na daltaí ar chás faoi leith, cás ina bhfágann siopadóir dearmadach a bhí ag iarraidh beárbaiciú a reáchtáil a mhála ina dhiaidh. Meánn an mála 3.5 kg agus, ina bpéirí, iarrtar ar na daltaí táirgí siopadóireachta a chumadh a bheadh cothrom leis an sprioc 3.5 kg. Iarr orthu roinnt liostaí de tháirgí féideartha a chruthú. Lig do na grúpaí difriúla a liostaí a chur i gcomparáid lena chéile.

### 3 Gníomhaíocht 3

Agus na liostaí ó Ghníomhaíocht 2 in úsáid acu, ríomhann daltaí costas iomlán a gcuid liostaí. Spreag iad lena liostaí a chur i gcomparáid arís agus an ceann is saoire / is daoire a léiríonn luach ar airgead a shainaithint.

### 4 Gníomhaíocht 4

Lig do na daltaí atá ina ngrúpaí fadhbanna a chruthú dá chéile. Fadhb ina scríobhann siad liosta siopadóireachta neamhchríochnaithe atá le réiteach ag a gcara. Mar shampla, níl ach 3.5 kg againn ach an meáchan iomlán ná 5 kg. Cad iad na táirgí a d'fhéadfadh a bheith ann?

## Ceisteanna Samplacha


| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é ½ kg ina ngram?<br>• Cá mhéad 500 g atá i 3 kg?<br>• Cén meáchan atá i 5 ispín?<br>• Cén costas atá ar x, y agus z?<br>• Cén briseadh a bheadh agam ó nóta £10 má cheannaím x, y agus z? | • Cad iad na bianna a bhíonn ar díol sa tsiopa bhúistéara?<br>• Cad iad na cainníochtaí éagsúla de bhianna atá ar fáil?<br>• Má tá luach x, y nó z agat de bhianna ar bith, cén meáchan a bheadh agat? |

## Difreáil


Socraigh nó slánaigh an phraghsáil, na meáchain agus an réimse bia ar díol de réir mar is cuí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Spreag iad le piartheagasc a úsáid sa ghníomhaíocht seo; seo nuair a oibríonn daltaí de chumais mheasctha le chéile.

## Lacáistí Feola

Tá reic ann inniu sa tsiopa bhúistéara agus seo chugat liosta de na táirgí a bheidh 'ar díol' don lá.



**Ispíní**
100g ar £1.50



**Stéig**
300g ar £5.00



**Gríscíní Muiceola**
150g £1.50 an ceann



**Filléid sicíne**
Paca 1kg ar phraghas £4

**Burgair Quorn**
80p an ceann (125g)

**Mionfheoil**
(250g) - £3.60

**Uaineoil**
500g - £4.00